AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.5.2013
SWD(2013) 163 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le táirgeadh agus cur ar fáil ar an margadh ábhair atáirgthe plandaí (an dlí maidir le hábhar atáirgthe plandaí)

{COM(2013) 262 final}
{SWD(2013) 162 final}

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le táirgeadh agus cur ar fáil ar an margadh ábhair atáirgthe plandaí (an dlí maidir le hábhar atáirgthe plandaí)

1. SAINIÚ NA FAIDHBE

Cúlra

Tá luach thart ar EUR 6.8 billiún ar mhargadh síolta tráchtála an AE anois, sin breis is 20% den mhargadh iomlán domhanda i síolta tráchtála. In 2002/2003, rinneadh onnmhaireoir glan síolta den AE. Faoi láthair, tá earnáil an ábhair atáirgthe plandaí (ÁAP) san AE thar a bheith iomaíoch ar an leibhéal domhanda: is é an AE an t-onnmhaireoir is mó, agus luach onnmhairithe EUR 4.4 billiún, sin breis is 60% d'onnmhairithe an domhain, aige. Tá an earnáil an-chomhdhlúite (is ionann na 10 gcuideachta is mó agus beagnach 67% de mhargadh domhanda na síolta), ach bíonn ról ríthábhachtach ag FBManna agus ag micrifhiontair sa mhargadh inmheánach, go háirithe i margaí nideoige, mar shampla barraí orgánacha.

Ionchur bunúsach le haghaidh tháirgiúlacht, éagsúlacht, agus chaighdeán na bplandaí agus an bhia is ea ÁAP. Léiríodh é sin i reachtaíocht náisiúnta ó dheireadh na 19ú haoise i leith agus sa reachtaíocht Eorpach. Forbraíodh reachtaíocht reatha an AE maidir le ÁAP ó na 1960í i leith. Is éard atá sa chreat inniu 12 bhun-Treoir ón gComhairle a chumhdaíonn liostú cineálacha mar údarú do mhargú agus saincheanglais margaithe do speicis éagsúla (síolta plandaí farae, síolta arbhair, síolta biatais, síolta plandaí ola agus snáithín agus síolta glasraí, ábhar iomadaithe fíniúna, prátaí síl, ábhar eile atáirgthe glasraí seachas síolta, ábhar iomadaithe plandaí torthaí, plandaí ornáideacha, ábhar atáirgthe foraoise).

Pléitear le GMOanna i reachtaíocht ar leithligh (Treoir 2001/18/CE, Rialachán (CE) Uimh 1829/2003 agus Rialachán (CE) Uimh 1830/2003) agus ní chumhdaíonn an tionscnamh seo iad.

Fadhbanna a shainaithint

Bíodh go raibh an reachtaíocht atá ann cheana san AE i ndáil le hábhar atáirgthe plandaí fiúntach leis na cuspóirí tosaigh a bhaint amach, .i. margú saor na n-ábhar a ráthú agus ÁAP sláintiúil d'ardchaighdeán a sholáthar, rud a chuireann le táirgiúlacht sna hearnálacha talmhaíochta, gairneoireachta nó foraoiseachta, tá méadú ar líon na bhfadhbanna atá ag teacht chun cinn:

- Castacht agus ilroinnt na reachtaíochta, easpa comhsheasmhachta le beartais eile, gan aon rialacha AE maidir le haisghabháil costais, trasuíomh agus cur chun feidhme neamh-chomhchuibhithe na dTreoracha atá ann faoi láthair agus difríochtaí dá bhrí sin, mar shampla is constaicí iad difríochtaí i gceanglais theicniúla le cothrom iomaíochta a thabhairt do na hoibreoirí uile. Tá gá freisin le dul chun cinn mór i simpliú an dlí agus i gcomhleanúnachas beartas. Dá bhrí sin, tá an t-athbhreithniú ar reachtaíocht ÁAP ina chuid de phacáiste de cheithre athbhreithniú a bhaineann le sláinte ainmhithe, sláinte plandaí, ábhar atáirgthe plandaí a mhargú agus rialuithe oifigiúla ar bhia agus ar bheatha.

- Doichte na reachtaíochta atá ann faoi láthair chun cúraimí a leithdháileadh, cuireann sí ualach riaracháin ard ar údaráis phoiblí agus teorainneacha le solúbthacht na n-oibreoirí gnó (m.sh. ní féidir cúraimí áirithe a dhéanamh).

- Bac ar chur i bhfeidhm níos éifeachtaí reachtaíocht, bheartais agus straitéisí an AE (talmhaíocht agus foraoiseacht inbhuanaithe, cosaint na bithéagsúlachta, athrú aeráide, bith-eacnamaíocht) atá ann cheana féin is ea an easpa comhordaithe chothrománaigh le beartais agus straitéisí eile an AE.

Tá cur síos níos mionsonraithe ar na fadhbanna sin sa tuarascáil i roinn 2.3.

Ní leor leasuithe a dhéanamh ar an reachtaíocht agus í a chur i bhfeidhm níos fearr i bhfianaise na Straitéise Eoraip 2020 "fás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach" agus an riachtanais cumas iomaíochta ghnólachtaí na hEorpa a chothú, go háirithe FBManna, agus fairis sin i bhfianaise phrionsabail rialála cliste an Choimisiúin agus dul chun cinn na gcomhthéacsanna eacnamaíocha agus eolaíocha teicniúla san earnáil ÁAP.

Mar sin, chruthaigh meastóireacht, anailís agus comhairliúcháin ghinearálta leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara gur gá an córas a uasdátú. Is féidir sin a dhéanamh trí bhearta a chur le chéile feadh thrí ais (mar a leanas) agus a léirigh gur ghá roghanna beartais a mheas:

(1) Simpliú: éilíonn an ailtireacht dlí simpliú substaintiúil, sin Rialachán a chruthú ionas go gcinnteofar cur chun feidhme comhchuibhithe sna Ballstáit go léir agus cothrom iomaíochta do na hoibreoirí uile.

(2) Solúbthacht agus comhroinnt freagrachta: ní mór níos mó solúbthachta d'oibreoirí chun obair a dhéanamh i gcomhthéacs an chlárúcháin agus an deimhniúcháin cineálacha agus ní mór obair na n-údarás inniúil a dhíriú níos mó ar mhaoirseacht a dhéanamh ar tháirgeadh ÁAP san AE (an t-athrú ó chigireacht ar tháirgí go hiniúchóireacht ar phróisis). Chuige sin, ní mór seirbhísí poiblí a urrú ó thaobh airgeadais. Tá liostáil cineálacha ÁAP faoi

ainm uathúil i gcláir náisiúnta agus i gclár an AE go ginearálta ina ceanglas don mhargú agus tá sí bunaithe ar aitheantas (Sainiúlacht, Aonfhoirmeacht agus Cobhsaíocht - DUS) agus ar shaintréithe (Luach do Shaothrú agus d'Úsáid - VCU) an chineáil. Ina theannta sin, tá luchtóga ar leith d'ábhar atáirgthe plandaí faoi réir córais rialaithe cáilíochta. D'fhéadfadh údaráis inniúla nó oibreoirí faoi mhaoirseacht oifigiúil na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích, nó (i gcás catagóirí áirithe ÁAP), d'fhéadfaí iad a dhéanamh faoi fhreagrachtaí an oibreora. Ba chóir go dtabharfadh an chomhroinnt freagrachta agus breis solúbthachta coigilteas ar chostais fhoriomlána tríd an obair a eagrú ar shlí níos éifeachtaí agus níos tráthúla agus go gcuirfeadh sé luas le rochtain cineálacha nuálacha nua ar an margadh inmheánach.

(3) Comhchuibheas agus nascálacha cothrománacha: ní mór aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht, cosaint na bithéagsúlachta agus athrú aeráide, sa bhreis ar tháirgiúlacht agus ar cháilíocht ÁAP.

Conas a d'athródh an fhadhb mura ndéanfaí aon ghníomh?

Ní cheadaíonn an reachtaíocht reatha ach d'údaráis oifigiúla scrúduithe cineálacha a dhéanamh. Go pointe áirithe, is féidir le hoibreoirí faoi mhaoirseacht oifigiúil cúraimí deimhniúcháin a chur i gcrích. Mar sin féin, tá teorainneacha ann nach gceadaíonn deimhniúcháin faoi mhaoirseacht do speicis (m.sh. prátaí) agus do chatagóirí ar leith ÁAP. Bíonn tionchar aige sin ar ghnó mar nach mbíonn mórán saoirse ann ó thaobh cur chuige de, go háirithe nuair a bhíonn an comhthéacs idirnáisiúnta ag athrú. Mura ndéanfaí aon ghníomh, mhéadódh lochtanna an chórais agus is mó an t-ualach i gcónaí a bheadh iontu do gach údarás oifigiúil agus do lucht gnó araon, agus bheadh tionchar acu ar iomaíochas, ar an oiriúnú d'éilimh an mhargaidh, agus ar inniúlachtaí onnmhairithe maidir le hiomaitheoirí nach bhfuil san AE.

D'fhéadfadh na forálacha fadhbanna breise a chruthú, de dheasca impleachtaí na mbrúnna atá ar na buiséid náisiúnta, brúnna atá ag dul i méad. Thairis sin, ní thacaíonn neamhréireachtaí maidir le ceanglais theicniúla ÁAP chun cothrom iomaíochta a bhunú ar an margadh inmheánach le haghaidh gnó. Buanóidh castacht agus ilroinnt na reachtaíochta neamhchinnteachtaí sa chur chun feidhme. Maidir le saincheisteanna nua cosúil le bithéagsúlacht, athrú aeráide agus bith-eacnamaíocht, is mar ábhair imeallacha a leanfaidh an reachtaíocht reatha ag dul i ngleic leo.

Ní bhainfí amach aon sineirgí leis an Dlí i ndáil le Sláinte Plandaí maidir leis na seiceálacha sláinte plandaí atá mar chuid den phróiseas deimhniúcháin ÁAP, ná aon chomhtháthú ar phrionsabail ghinearálta a bhaineann le rialuithe oifigiúla atá leabaithe i Rialachán (CE) Uimh. 882/2004.

2. ANAILÍS AR CHOIMHDEACHT

Tá an creat reachtach ÁAP bunaithe ar Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Comhbheartas Talmhaíochta) arb iad cuspóirí dó: táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú, caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don phobal talmhaíochta, margaí a chobhsú, a chinntiú go mbíonn fáil ag tomhaltóirí ar sholáthairtí ar phraghsanna réasúnta. Cuireann Conradh Liospóin síos ar an

Talmhaíocht mar inniúlacht atá comhroinnte. Ina theannta sin, comhlánaíonn na rialacha maidir leis an margadh inmheánach (TFEU 114) agus caomhnú an chomhshaoil (TFEU 191) an bunús dlí do ghníomhú ón AE.

Rinne tabhairt isteach na reachtaíochta AE ar an margadh ÁAP sna 60í a chion le cuidiú le margadh inmheánach ÁAP a chruthú. Mar a dhearbhaigh go leor páirtithe leasmhara, bhí tionchar dearfach ag na rialacha AE sin **ar shaorghluaiseacht, ar infhaighteacht agus ar cháilíocht** ÁAP agus d'éascaigh sé trádáil laistigh den AE. Déanann na húdaráis náisiúnta údaruithe réamh-mhargaidh i leith ÁAP, atá bailí i ngach Ballstát, rud a chinntíonn comórtas oscailte ar an Margadh Aonair agus a chosnaíonn eilimintí coimhdeacha do na Ballstáit agus cuirtear a riachtanais náisiúnta (e.g. ar mheasúnú agrai-éiceolaíochta a bhíonn VCU bunaithe) san áireamh. Mura mbeadh aon ghníomhaíocht ag leibhéal an AE, bheadh 27 córas i bhfeidhm seachas ceann amháin. Chuirfeadh sé sin bacainní ar ghluaiseacht ÁAP ar an margadh inmheánach agus mhéadódh sé an t-ualach airgeadais a bhaineann leis na rialuithe is gá ar shláinte agus ar cháilíocht ÁAP.

Tá caighdeáin idirnáisiúnta curtha ar bun le haghaidh cháilíocht (ECFE, UNECE) agus shláinte (IPPC, comhaontú EDT/SPS) ÁAP, rud a thugann bonn cirt le gníomhaíocht an AE maidir le cothrom iomaíochta agus cur chun feidhme comhchuibhithe a bhunú. D'fhonn comhréireacht na mbeart a áirithiú, go háirithe ualach riaracháin a laghdú do pháirtithe leasmhara, ní mór don chóras saoirse agus inmharthanacht eacnamaíoch na bpáirtithe leasmhara a chur san áireamh, chomh maith le FBManna agus micrieintitis. Bearta maidir le cineálacha ar caomhnú nó le cineálacha amaitéaracha, cabhraíonn siad le rochtain na saothróirí, lena n-áirítear garraíodóirí amaitéaracha, ar réimse leathan ÁAP a chinntiú agus ról a imirt chun córais a bhfuil teacht aniar iontu a chothabháil i dtáirgeadh talmhaíochta agus éagsúlacht ghéiniteach ag an leibhéal allamuigh. Cothaítear fás cliste má cheadaítear rochtain shimplithe ar an margadh le haghaidh cineálacha ar leith.

3. CUSPÓIRÍ BEARTAIS

3.1. Cuspóirí foriomlána

- Sláinte agus ardcháilíocht ÁAP a chinntiú;
- Creat rialála amháin a sholáthar, a thacóidh le nuáil agus iomaíochas;
- Tacú le táirgeadh inbhuanaithe, bithéagsúlacht, oiriúnú d'athrú aeráide agus a chion a dhéanamh le haghaidh slándála bia agus maolú na bochtaineachta.

3.2. Cuspóirí sonracha

- Cothrom iomaíochta a chinntiú trí rialacha simplithe comhchuibhithe;
- Costais gan ghá agus ualach riaracháin a ísliú agus solúbthacht a mhéadú;
- Reachtaíocht ÁAP a ailíniú le straitéisí eile de chuid an Aontais a tháinig amach le déanaí;

- Rochtain ar an margadh a chothú sa nuáil i bpórú plandaí.

3.3. Cuspóirí oibríochtúla

- Dlí ÁAP amháin, agus nósanna imeachta solúbtha, comhréireacha aige, a chur ar fáil;

- Cur chun feidhme comhchuibhithe reachtaíochta a chur chun cinn trí iniúchtaí agus oiliúint;

- Nuáil a chothú tríd an tráthúlacht agus an fhaisnéis i gclár an AE a mhéadú;

- Feabhas a chur ar thrédhearcacht agus inrianaitheacht an mhargaidh trí na hoibreoirí a chlárú.

4. ROGHANNA BEARTAIS

Agus an fhadhb á sainmhíniú, aithníodh na príomh-aiseanna seo a leanas nach mór don chóras a athrú chun a bheith oiriúnach do chúinsí athraitheacha eacnamaíocha, comhshaoil, sóisialta agus eolaíochta: (i) Simpliú na ngníomhartha bunúsacha dlí (ó 12 Threoir go Rialachán amháin), (ii) Aisghabháil costais agus feabhsú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais, (iii) Comhordú cothrománach le beartais AE a glacadh le déanaí. Iniúchtar bealaí éagsúla – méadú solúbthachta, dírialáil nó lárú – le héifeachtúlacht an chórais a fheabhsú, cinnteacht cáilíochta d'ábhar atáirgthe plandaí agus iomaíochas a chothabháil, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua amhail bithéagsúlacht. Bunaithe ar na 3 ais seo, aithníodh 5 rogha beartais mar chéad chéim, áit a bhfuil simpliú dlí agus aisghabháil costais ann i gcónaí le haghaidh gach rogha. Sna roghanna éagsúla, tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le FBManna agus micrifhiontair, go háirithe d'fhonn rochtain ar sheirbhísí poiblí a chinntiú do na fiontair sin maidir le cúraimí áirithe nach féidir leo a dhéanamh iad féin agus chun tacú lena solúbthacht, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh uirthi, chun rochtain níos fearr a fháil ar an margadh d'ábhar atáirgthe plandaí.

Leagtar amach an bhonnlíne agus na cúig rogha anseo:

– Rogha 0 - bonnlíne: gan aon athrú ar an staid reatha (12 Threoir agus gan aon riail maidir le haisghabháil costais).

– Rogha 1 - Aisghabháil costais: Níl aon athruithe ar fhorálacha teicniúla na reachtaíochta reatha ná ar leithdháileadh na bhfreagrachtaí idir oibreoirí agus údaráis inniúla san áireamh sa rogha seo. Níl d'athrú ann ach aisghabháil iomlán ó na páirtithe leasmhara ar chostais arna dtabhú ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit uile – is mar sin atá ina bhformhór cheana féin.

– Rogha 2 - Comhchóras: Tugtar isteach roinnt solúbthachta d'oibreoirí. Bheadh clárú na gcineálacha éigeantach fós do liosta barr a thagann faoi reachtaíocht an AE (DUS, VCU), ach d'fhéadfadh an t-oibreoir an mionscrúdú teicniúil a chur i gcrích faoi mhaoirseacht oifigiúil. Níl aon athrú ar na riachtanais deimhniúcháin le haghaidh luchtóga d'ábhar atáirgthe plandaí, ach d'fhéadfadh

an t-oibreoir é a chur i gcrích faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil i ngach cás. Bheadh feidhm fós leis na forálacha sonracha reatha maidir le cineálacha ar caomhnú / cineálacha amaitéaracha.

– Rogha 3 - Dírialú: Cuireann dírialú breis solúbthachta i bhfeidhm. Mar chuid de chlárú an chineáil, bheadh tástálacha DUS éigeantach fós, cé nach riachtanas dlí a thuilleadh é VCU do bharra talmhaíochta. Níl aon deimhniú oifigiúil ann. Ina áit sin, ní mhargaófaí na luchtóga uile d'ábhar atáirgthe plandaí ach amháin dá mbeadh lipéad ó sholáthraí orthu, le critéir íosta. Bheadh feidhm fós leis na forálacha sonracha reatha maidir le cineálacha ar caomhnú / cineálacha amaitéaracha.

– Rogha 4 – Breis solúbthachta: Bhunófaí córas déach a thabharfadh solúbthacht mhór d'oibreoirí trí rogha a dhéanamh idir dhá chóras, is é sin ceann amháin do chineálacha a tástáladh go hoifigiúil (DUS, VCU le critéir inbhuanaitheachta) agus ceann eile do chineálacha nár tástáladh go hoifigiúil, fara cur síos a thug an t-iarratasóir don údarás. Ní bheadh ann de dheimhniú ÁAP ach na cineálacha a tástáladh go hoifigiúil. Léirscaoilfí margú roinnt áirithe cineálacha, mar shampla, cineálacha ar caomhnú nó cineálacha do "mhargadh nideoige" toisc nach ndéanfaí aon scrúdú éigeantach teicniúil ar chineálacha ná aon deimhniú éigeantach ar ÁAP, ionas go bhféadfaí iad a mhargú mar chineálacha nár tástáladh.

– Rogha 5 – Lárú: Thabharfaí sainordú d'Oifig an Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) le clárú cineálacha a chomhordú agus cinneadh a dhéanamh fúthu, rud a chumhdódh an scrúdú teicniúil (DUS agus VCU) chomh maith le hainmníocht cineálacha araon. Níl aon athrú ar na ceanglais deimhniúcháin do luchtóga de ÁAP, ach d'fhéadfaí deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil. Bhunófaí "Ionaid Thagartha Deimhniúcháin" a mbeadh sé de chúram orthu dea-chleachtais a fhorbairt, tástálacha comparáideacha agus trialacha agus staidéir a chur i gcrích chun tacú le forbairt beartais agus chun eolas a scaipeadh faoi dheimhniú ÁAP. Bheadh feidhm fós leis na forálacha sonracha reatha maidir le cineálacha ar caomhnú / cineálacha amaitéaracha.

5. MEASÚNÚ TIONCHAIR

An costas reatha ar chur chun feidhme na bhforálacha maidir le cineálacha a chlárú, sin thart ar EUR 55-60 milliún in aghaidh na bliana san AE. Is ionann DUS agus VCU agus 45% agus 55% den chostas, faoi seach. Tá an caiteachas ar dheimhniú ÁAP thart ar EUR 73-79 milliún. Tá formhór na mBallstát ag aisghabháil costais go hiomlán nó go páirteach cheana féin, ach tá grúpa beag Ballstát nach ndéanann sin. Déanann na húdaráis inniúla ar a laghad 60% de na costais sin a aisghabháil sna Ballstáit go léir. Is ionann costais bhliantúla an chláraithe agus an deimhniúchán le chéile agus thart ar 3% de luach margaidh na mbarr síl talmhaíochta (as a n-íocann na hoibreoirí ar a laghad 60% cheana féin) . Cuireadh an tionchar ar FBManna agus ar mhicrifhiontair san áireamh i gcónaí.

Rogha 1: ní bhaineann an rogha seo ach le costais a aisghabháil. Bunóidh sí cothrom iomaíochta d'oibreoirí, laghdóidh sí na costais d'údaráis inniúla na mBallstát agus

cinnteoidh sí feidhmiú na n-údarás sin amach anseo. Ní bheidh tionchar ag an rogha seo ar iomaíochas agus ní thacóidh sí le nuáil ná le haidhmeanna comhshaoil nó inbhuanaitheachta a bhaint amach. Cinnteoidh na húdaráis inniúla i gcónaí go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil le scrúduithe teicniúla agus iniúchtaí a dhéanamh. Is iad FBManna agus micrifhiontair is mó a bhainfidh tairbhe as an ráthaíocht seo, mar ní bhíonn na hacmhainní acu chun na cúraimí sin a chur i gcrích iad féin. Ní mór a chuirfidh prionsabal na haisghabhála costais isteach ar FBManna agus micrifhiontair toisc go bhfuil an prionsabal i bhfeidhm cheana féin i bhformhór na mBallstát agus tugann sé buntáistí do na fiontair sin mar go gcinntíonn sé go leanfar le rochtain ar sheirbhísí oifigiúla atá ag teastáil le haghaidh margaíochta.

Rogha 2: cuirfidh an rogha seo cothrom iomaíochta breise ar fáil d'iomaitheoirí ar an Margadh Inmheánach mar go n-aisghabhfaidh na Ballstáit uile na costais go hiomlán. Laghdófar an t-ualach riaracháin mar is féidir le hoibreoirí go leor cúraimí (deimhniúcháin, tástáil do chlárú) a chur i gcrích faoi mhaoirseacht oifigiúil. Méadóidh sé sin solúbthacht na n-oibreoirí go mór chun cineálacha nua a thabhairt chuig an margadh. Is dócha go mbogfar roinnt post ón earnáil phoiblí chuig an earnáil phríobháideach. Is é is aidhm dó sin solúbthacht a chur ar fáil do na hoibreoirí uile le roinnt cúraimí a chur i gcrích láithreach más mian leo sin a dhéanamh, ach ráthófar seirbhísí poiblí freisin, ionas gur féidir le húdaráis inniúla scrúduithe teicniúla agus cigireachtaí a dhéanamh do FBManna agus micrifhiontair. Níl aon tacaíocht shoiléir tugtha sa rogha seo ach oiread le haidhmeanna comhshaoil nó inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Rogha 3: beidh baol ann do shláinte agus do cháilíocht an ÁAP toisc go gcuirfear deireadh le deimhniú éigeantach. Beidh na húdaráis inniúla agus oibreoirí in ann coigilteas mór costais a bhaint amach, ach de dheasca deireadh a chur le deimhniúchán níor mhór ceanglais choibhéise an AE le haghaidh allmhairí síolta ó thríú tíortha a chur ar ceal freisin. Is dócha freisin gur mó a athlonnófaí gníomhaíochtaí eacnamaíocha amhail iolrú síolta go tíortha lasmuigh den AE. Chuirfí FBManna faoi mhíbhuntáiste nuair a chuirfí deireadh le VCU, toisc go dtugann sé faisnéis neamhchlaonta d'úsáideoirí beag beann ar chumhacht an díoltóra sa mhargadh. Tá bagairtí d'aidhmeanna comhshaoil i gceist le díothú VCU freisin mar nach mbeadh aon mhodh le pórú plandaí a stiúradh i dtreo na n-aidhmeanna sin.

Rogha 4: tabharfaidh sí coigilteas breise costais d'údaráis inniúla agus d'oibreoirí, dála rogha 3, agus tabharfaidh sí níos mó cinnteachta freisin maidir le tréithriú ÁAP (VCU le haghaidh cineálacha a tástáladh go hoifigiúil). Mar sin féin, beidh rioscaí ann fós de dheasca deimhniúchán neamhéigeantach agus deireadh a chur le clárú cineálacha. Is cinnte go mbainfidh éagsúlacht na n-oibreoirí, go háirithe FBManna agus micrifhiontair atá gníomhach i margaí nideoige, tairbhe as an tsaoirse mhéadaithe chun gníomhú. Tugann an rogha seo deiseanna maithe mar thacaíocht le talmhaíocht inbhuanaithe agus agrai-bhithéagsúlacht, de bhrí go simplítear clárú cineálacha ar caomhnú / cineálacha amaitéaracha ó thaobh riaracháin de agus ba cheart go neartódh sé sin rochtain ar an margadh sa réimse seo.

Rogha 5: tabharfaidh sí cinnteacht láidir cáilíochta agus sláinte an ábhair atáirgthe plandaí trí chlárú cineálacha san AE a lárú, agus bunóidh sí cothrom iomaíochta d'oibreoirí. Bunófar córas éifeachtúil, trédhearcach, agus ceanglais theicniúla chomhchuibhithe. Tiocfaidh cineálacha nua feabhsaithe ar an margadh níos luaithe –

d'fhéadfadh sé seo cur leis an bhfostaíocht san fhadtéarma. Féadfaidh gach oibreoir iarratas amháin a dhéanamh ar an CPVO d'fhonn clárú cineálacha plandaí agus / nó cosaint cineálacha plandaí a fháil; rud a shimpleoidh obair na FBManna go háirithe. Mar sin féin, níl modh soiléir sa rogha seo le pórú plandaí a stiúradh i dtreo chuspóirí na hinbhuanaitheachta agus chosaint na hagrai-bithéagsúlachta; is mó atá sí dírithe ar riachtanais an phóraithe plandaí thraidisiúnta.

6. COMPARÁID IDIR NA ROGHANNA

Tugann an tábla achoimre thíos comparáid fhoriomlán idir na roghanna maidir le cuspóirí an athbhreithnithe a bhaint amach (i gcomparáid leis an staid reatha).

		Rogha 1	Rogha 2	Rogha 3	Rogha 4	Rogha 5	Rogha na tosaíochta
Cuspóirí foriomlána	Sláinte agus cáilíocht an ÁAP a chinntiú	0	-{}-0	−−	−−	0	0
	Creat aonair, comhchuibhithe rialála a thacaíonn le nuáil agus le hiomaíochas thionscail ÁAP na hEorpa a chur ar fáil	+	+	+	++	++	++
	Tacú le táirgeadh inbhuanaithe, bithéagsúlacht, oiriúnú d'athrú aeráide agus a chion a dhéanamh le haghaidh slándála bia agus maolú na bochtaineachta.	0	0	−	++	0	++
Cuspóirí sonracha	Cothrom iomaíochta ar fud an AE a chinntiú trí bhunrialacha simplithe, soiléirithe, comhchuibhithe maidir le bunphrionsabail arna gcur i láthair i bhfoirm dlí níos fearr	+	+	+	+	++	++
	Costais nach gá agus ualach riaracháin a laghdú d'údaráis phoiblí agus solúbthacht d'oibreoirí a mhéadú gan cur isteach ar na cuspóirí ginearálta beartais	+	++	+	++	++	++
	Nuáil a chothú i bpórú plandaí, go háirithe in FBManna, d'fhonn rogha níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí ÁAP, agus a rochtain ar éagsúlacht leathan de chineálacha plandaí atá in oiriúint do choinníollacha na Eorpa	0	+	0	++	++	++
	Reachtaíocht ÁAP a ailíniú le straitéisí úra eile an Aontais (talmhaíocht, bithéagsúlacht, slándáil bia, athrú aeráide, geilleagar bithbhunaithe)	0	0	−	+	0	+
Cuspóirí oibríochtúla	Creat simplithe dlí do mhargú ÁAP a chur ar fáil - "Dlí i ndáil le ÁAP" - le nósanna imeachta simplithe, níos solúbtha, níos comhréirí a bhunú	0	++	++	++	++	++
	Cur chun feidhme reachtaíochta níos comhchuibhithe a chur chun cinn ar fud an AE trí iniúchtaí agus oiliúint	0	0	0	0	++	++
	Nuáil a chothú tríd an tráthúlacht agus an fhaisnéis i gclár an AE a mhéadú	0	0	0	0	++	++
	Feabhas a chur ar thrédhearcacht agus inrianaitheacht an mhargaidh trí na hoibreoirí a chlárú	0	++	++	+	++	++

Eochair: 0: gan aon athrú ó rogha na bonnlíne +: miontionchar dearfach ++: mórthionchar dearfach −: miontionchar diúltach −−: mórthionchar diúltach

Rogha na tosaíochta

Ceapadh agus roghnaíodh rogha na tosaíochta, a thugann le chéile gnéithe dearfacha de na 5 rogha thosaigh ach a choinníonn an oiread rogha agus solúbthachta agus is féidir d'oibreoirí, toisc nár bhain aon cheann de na cúig rogha cothromaíocht bharrmhaith amach idir éifeachtúlacht an chórais, cinnteacht maidir le ÁAP ar ardcháilíocht, cothabháil iomaíochais agus stop le caillteanas na bithéagsúlachta. Tógann an rogha sin eilimintí ó roghanna 2, 4 agus 5. Is é is aidhm don teaglaim sin cothromaíocht a bhaint amach idir an tsolúbthacht d'oibreoirí gairmiúla agus bithéagsúlacht (rogha 2 agus 4) agus an déine riachtanach i gceanglais sláinte agus cáilíochta (roghanna 2 agus 5) chun go bhfeidhmeoidh an margadh go cóir agus chun cáilíocht agus sláinte na dtáirgí a chothabháil. Tá an dá phrionsabal chothrománacha ann, simpliú ar ailtireacht dlí an ÁAP agus aisghabháil costais.

Is iad seo a leanas na prionsabail ghinearálta: Aisghabháil costais i leith seirbhísí a chuireann údaráis inniúla i gcrích. Is féidir díolúintí a fháil, ag brath ar leas an phobail i ngach margú ÁAP ar leith nó i gcomhréir leis na díolúintí atá beartaithe san athbhreithniú ar Rialachán 882/2004. Féadfaidh oibreoirí réimse leathan gníomhaíochtaí i réimse an chlárúcháin agus an deimhniúcháin a chur i gcrích, faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil. Beidh ar gach oibreoir a bheith cláraithe d'fhonn inrianaitheacht an ÁAP a ráthú. Beidh oibleagáidí sonracha, diana i bhfeidhm le liosta sonrach speiceas atá tábhachtach do mhargadh an AE a chlárú agus a dheimhniú. Beidh na ceanglais ghinearálta íosta i bhfeidhm maidir le gach ÁAP eile (speicis neamhliostaithe) atá ar an margadh agus cumhdóidh siad oibleagáidí lipéadaithe agus forálacha maidir le 'oiriúnach lena úsáid'.

Leathnófar ról an CPVO agus déanfaidh sé taifead lárnach de gach faisnéis faoi na cineálacha éagsúla ÁAP atá cláraithe ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal Eorpach. Comhchuibheoidh an CPVO na ceanglais theicniúla agus iniúchfaidh sé na hoifigí scrúdaithe náisiúnta, le go mbeidh stáisiúin tástála san earnáil phríobháideach in ann scrúduithe teicniúla a chur i gcrích. Is mó an ról a ghlacfaidh an CPVO sna socruithe chun faisnéis ar chineálacha atá údaraithe lena margú sa mhargadh inmheánach a chur ar fáil (bunachar sonraí ar líne) agus le hainmníochtaí a fhíorú maidir le gach iarratas. Mar mhalairt ar chlárú náisiúnta, féadfar clárú láraithe le haghaidh cineálacha nach gá measúnú VCU an CPVO dóibh (glasraí mar shampla) a chur ar fáil.

Clárú cineálacha nár tástáladh go hoifigiúil, a mbeidh tuairisc a aithníodh go hoifigiúil ag gabháil leo, ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, is rogha í a thabharfar le haghaidh cineálacha amaitéaracha agus cineálacha ar caomhnú ar chúiseanna leas an phobail. Déanfar maolú ar na srianta atá ann cheana le cineálacha ar caomhnú a mhargú.

Coinneofar VCU agus déanfar é a chinneadh ar bhonn speicis ar speiceas, agus déanfaidh a chuid critéar earraí poiblí a léiriú go príomha agus beidh sé ina "VCU d'inbhuanaitheacht agus do shláinte". Déanfar VCU a chomhchuibhiú oiread agus is féidir ar fud na réigiún agrai-éiceolaíoch agus feabhsófar ar bhonn leanúnach é oiread agus is féidir le plé le haon fhorás ar riachtanais phoiblí agus phríobháideacha agus ar riachtanais reachtaíochta.

Déanfar deimhniú éigeantach ar luchtóga de bharra áirithe a choinneáil. Déanfar an liosta speiceas a chumhdófar faoin oibleagáid sin a chinneadh ar bhonn bairr ar bharr le hathruithe amach anseo a chur san áireamh, mar shampla, rioscaí sláinte nó tábhacht eacnamaíoch. Déanfar an scrúdú faoi mhaoirseacht oifigiúil a cheangal ar gach speiceas agus gach catagóir (.i. barra bunúsacha agus réamh-bhunúsacha).

Cuirfear riachtanais na micrifhiontar agus na FBManna san áireamh go sonrach: Déanfar rochtain chomhionann ar an margadh inmheánach do chineálacha a d'fhorbair na cuideachtaí sin a ráthú trí rialacha clárúcháin a choimeád ar bun (cloí le VCU) nach mbeidh bunaithe ar chumhacht an díoltóra sa mhargadh. Ina theannta sin, toisc go bhféadfaidh an t-oibreoir tuairisc ar chineál a chur ar fáil (tuairisc a aithníodh go hoifigiúil), méadófar na deiseanna do mhargaí ar leith (m.sh. cineálacha ar caomhnú) a bhfuil spéis ar leith ag FBManna agus micrifhiontair iontu. Déanfaidh na húdaráis inniúla seirbhísí cigireachta oifigiúla a chur ar fáil i gcónaí le hobair a dhéanamh nach féidir le FBManna ná micrifhiontair a chur i gcrích iad féin.

Mar sin, baineann rogha na tosaíochta na cúig phríomhchuspóir amach sa tslí seo a leanas:

(1) simpliú trí Rialachán amháin a chur in ionad 12 Threoir;

(2) an t-ualach riaracháin a laghdú trí aisghabháil costais agus cúraimí a aistriú chuig oibreoirí;

(3) nuáil a chothú trí bhreis solúbthachta oibríochtúla a cheadú d'oibreoirí;

(4) tacú le hinbhuanaitheacht, bithéagsúlacht agus oiriúnú d'athrú aeráide trí "VCU inbhuanaithe" agus ualach laghdaithe le haghaidh cineálacha ar caomhnú;

(5) trédhearcacht agus inrianaitheacht a áirithiú trí na hoibreoirí uile a chlárú agus ceanglais íosta do speicis neamhliostaithe.

7. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Moltar táscairí éagsúla le measúnú a dhéanamh ar rath na mbeart a tugadh isteach:

(1) Comhchuibhiú reachtaíochta agus cur chun feidhme sna Ballstáit

- Líon na n-iarratas ar shoiléiriú agus na ngearán a fuarthas.
- Torthaí iniúchtaí FVO nó CPVO ar chur chun feidhme na reachtaíochta sna Ballstáit.
- Líon na bhfógraí a fuarthas ó na Ballstáit maidir le bearta náisiúnta.
- Clár feidhmiúil na n-oibreoirí.

(2) Laghdú ar ualach agus ar chostais riaracháin agus solúbthacht a thabhairt isteach

- *Cláú cineálacha*

- Iarratas: líon, an t-am is gá, aisghabháil costais.
- Cuideachtaí ÁAP a chuireann isteach iarratas; fócas ar FBManna: líon, cineál, dul chun cinn.
- Líon na gcineálacha a chláraítear agus 'tuairisc a aithníodh go hoifigiúil' ag dul leo.
- Líon na n-iarratas díreach ar chlárú cineálacha chuig an CPVO.

– *Rialú cáilíochta ÁAP*

- Céatadán na ndeimhnithe faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomparáid le deimhniú oifigiúil sna Ballstáit.
- Costas rialaithe cáilíochta an ÁAP.

(3) Rialacha comhréireacha a chur ar bun agus iad a ailíniú le beartais agus straitéisí eile an AE

- Líon, líon na gcineálacha ar caomhnú agus na gcineálacha amaitéaracha a cláraíodh agus a margaíodh.
- Líon na speiceas lena mbaineann na rialacha seo.
- Critéir chomhchuibhithe le cineálacha a chlárú (e.g. VCU inbhuanaithe).